




Clár Oibre 2024



Ár bhFís:

Saolta agus fiontair
shláintiúla, shábháilte
agus tháirgiúla



An Clár Ábhar

01	An Brollach	4
02	Fís, Misean, Sainordú agus Luachanna	5
03	Tosaíochtaí Straitéiseacha	7
04	Ár Straitéis a Chur i gCrích – Clár Oibre 2024	8
05	Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde	12
06	Ceimiceáin	14
07	Faireachas Margaidh	15
08	Creidiúnú	16
09	Éifeachtacht Oibríochta	17
10	Feidhmíocht a Thomhas	18



Arna fhoilsiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.

© Gach ceart ar cosaint.

01

An Brollach

Léiríonn an clár seo an tríú bliain – agus an bhliain deiridh – a bhfuil Ráiteas Straitéise 2022–2024 dár gcuid á chur i bhfeidhm, agus an tríú bliain a bhfuil Straitéis Creidiúnaithe 2022–2026 á cur i bhfeidhm.

Cuirfidh an clár oibre a chuirtear i láthair anseo le fíis an Údarás de shaolta agus frontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla a chur i gcrích. Cuirtear na ceisteanna atá ag teacht chun cinn inár n-ionaid oibre agus inár sochaí san áireamh i bhforbairt an chláir. Chuir athbhreithniú lárthéarma ar chur i bhfeidhm ár Ráitis Straitéise reatha bonn eolais faoi freisin. Ag an bpointe seo, tá cur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise de réir mar a beartaíodh a bheag nó a mhór, ach tabharfar tús áite do roinnt míreanna tábhachtacha agus cuirfear i gcrích iad in 2024 chun baint amach na dtosaíochtaí straitéiseacha a chinntiú.

Díreoimid ar ionaid oibre agus ar ghníomhaíochtaí oibre faoi leith trí raon cigireachtaí réamhghníomhacha agus feachtais spriocdhírthe, ina measc na hearnálacha ardriosca talmhaíocht, foirgníocht, iompar agus lóistíocht, sláinte agus cúram sóisialach, táirgeadh agus stóráil ceimiceán agus saoráidí.

Agus muid ag leanúint lenár dtiomantas don chomhoibriú, comhairliúchán agus cumarsáid leis na páirtithe leasmhara uile, leanfaimid ag cruthú feasachta ar ról an ionadaí sábháilteachta. Tá tábhacht straitéiseach leis an ról sin don Údarás agus é ag cur a shainordaithe sábháilteachta agus sláinte ceirde i bhfeidhm.

Táimid ag breathnú chun cinn agus muid ag cur obair, oibríthe agus ionaid oibre na hÉireann atá ag athrú san áireamh. Forbróimid tacaíochtaí agus acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar nádúr athraitheach na hoibre, ina measc tionchair a bhaineann le digitíú, inbhuanaitheacht, agus déimeagrafaic athraitheach an lucht saothair.

Leanfaimid ag forbairt ár rannóige Sláinte Ceirde agus thugamar tús áite do ghníomhaíochtaí maidir le guaiseacha agus rioscaí síceasóisialta sna príomhearnálacha le haghaidh 2024. Tosóimid ag obair le Coiste Comhairleach nuabhunaithe an Bhoird um Shláinte agus Cúram Sóisialach, agus táimid ag súil leis an saineolas earnálach a chuirfidh an Coiste sin ar fáil dár mBord agus le líonraí láidre a bhunú tríd an ngrúpa.

Inár dtríú bliain den Straitéis Creidiúnaithe a chur i bhfeidhm, beimid ag díriú ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara Rialtais agus náisiúnta chun úsáid an chreidiúnaithe i soláthar seirbhísí poiblí agus forbairt beartas náisiúnta a chur chun cinn.

Díreofar lenár gclár ceimiceán agus faireachais margaidh ar thionchar a imirt ar fhorbairt ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Beidh an-bhaint againn le gníomhaíochtaí chun uaimhianta na Straitéise Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht ón Aontas Eorpacha a chur i bhfeidhm. Tiocfaidh athrú ó bhonn ar an gcaoi a rialáiltear ceimiceáin leis na Rialacháin AE nua a bheartaítear, agus beidh rannpháirtíocht san athbhreithniú ar Rialachán REACH ar ár ngníomhaíocht is suntasaí in 2024. Déanfaidh ár gclár faireachais margaidh monatóireacht ar tháirgí a chuirtear ar mhargadh na hÉireann chun a chinntiú go gcomhlíonann siad reachtaíocht ceimiceán agus táirgí tionsclaíocha. Go háirithe, déanfaimid monatóireacht ar iompórtálacha ón Ríocht Aontaithe nuair a thosaíonn fianaise ag teacht chun cinn go bhfuil difríochtaí le ceanglais an Aontais Eorpaigh ag fás. De bharr cúinsí geilleagracha agus athraithe aeráide, táimid ag feiceáil fás ar an éileamh ar chomhairle faoi phleanáil úsáide talún agus cigireachtaí ar láithreáin táirgthe agus stórála ceimiceán; tá sé d'aidhm againn gníomhaíocht sa réimse sin a rialáil agus tacú léi.

Beidh forbairt an Ráitis Straitéise le haghaidh na tréimhse ó 2025 go 2027 ina phríomhthasc dár mBord in 2024. Stiúrfaidh an Bord an próiseas sin. Beimid páirteach i gcomhairliúchán leathan agus bríoch le páirtithe leasmhara, an fhoireann agus an pobal. Is é ár n-aidhm cúinsí athraitheacha geilleagracha agus sochaíocha a chur san áireamh agus sraith tosaíochtaí agus spriocanna straitéiseacha a fhorbairt a spreagfaidh ardleibhéal feidhmíochta i leith ár sainorduithe ar fad.

Leanfaimid ag earcú agus ag forbairt foirne ionas gur féidir linn ár n-eagraíocht a fhás agus a chinntiú go bhfuil an fhoireann agus na scileanna againn chun ár sainorduithe reachtacha ar fad a bhaint amach. Tabharfaimid isteach ár gcroí-ardán TF nua chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanfaimid ár gclár rialála ar fad a phleanáil, a thaifeadadh agus ar an gcaoi a ndéanfaimid tuairisciú orthu. Déanfaimid monatóireacht ar chur i bhfeidhm ár straitéisí Daoine, Sonraí agus Cumarsáide. Tacóidh na hathruithe sin ó bhonn sa chaoi a n-oibrímid linn chun an clár seo a chur i bhfeidhm agus muid ag ullmhú le haghaidh ardleibhéal feidhmíochta san fhadtéarma.



Conor O'Brien

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

02

Fís, Misean, Sainordú agus Luachanna

Fís

Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla.

Misean

Rialálaimid agus cuirimid chun cinn sábháilteacht, sláinte agus leas a bhaineann leis an obair agus úsáid shábháilte ceimiceán agus táirgí. Soláthraímid an tseirbhís náisiúnta creidiúnaithe.

Sainordú

- Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu a rialáil.
- Feabhsúchán a chur chun cinn i sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu.
- Déantúsaíocht, úsáid, cur ar an margadh, trádáil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn.
- Feidhmiú mar údarás faireachais maidir le reachtaíocht ábhartha an mhargaidh Eorpaigh aonair.
- Feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe le haghaidh na hÉireann.



Go fadtéarmach, teastaíonn uainn saol oibre sábháilte agus sláintiúil a bhaint amach do mhuintir na hÉireann agus timpeallacht a chothú ina mbíonn gnóthaí in ann fás agus forbairt

Luachanna

Ár gCroí-Luachanna:

- **Comhoibriú**

Éistimid, téimid i gcomhairle agus comhoibrímid le fostaithe, páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe.

- **Oscailteacht**

Fáiltímid roimh dhearcthaí éagsúla agus muid ag déanamh ár ndícheall a bheith ionchuimsitheach i ngach a ndéanaimid. Spreagaimid cumarsáid oscailte agus ionraic.

- **Freagrúlacht**


Téimid in oiriúint do chúinsí a bhíonn ag athrú agus spreagaimid feabhsúchán leanúnach trí nuálaíocht. Bainimid úsáid as sonraí le heolas a dhéanamh don mhéid a dhéanaimid, agus déanaimid an méid a fhoghlaimímid a mheasúnú agus a roinnt.

- **Eitic**

Seasaimid leis na caighdeáin ghairmiúla, rialachais agus eitice is airde. Gnóthóimid iontaoibh trí bheith cuntasach agus ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach cóir, neamhspleách agus trédhearcach.

03

Tosaíochtaí Straitéiseacha



Ár Straitéis a Chur i gCrích

Clár Oibre 2024

Ailíneofar Clár Oibre 2024 lenár dtosaíochtaí straitéiseacha reatha agus clúdófar gach ceann dár sainorduithe fairsinge.

Rialáil

Méadóimid an bhéim ar chomhlíonadh trí reachtaíocht, cigireacht, faireachas agus forfheidhmiú bunaithe ar riosca.

Cigireacht agus Imscrúdú

Cuirfimid clár cuimsitheach cigireachtaí réamhghníomhacha i gcrích sa tsábháilteacht agus sláinte cheirde, ceimiceán, agus faireachas margaidh. Tabharfaimid tús áite do ghníomhaíocht imscrúdaithe chun iad siúd ag a bhfuil dualgais agus a nochtann a bhfostaithe agus daoine eile do leibhéal shuntasacha riosca de réir mar a sháraíonn siad an dlí a thabhairt chun cuntais. Imscrúdófar gach bás a bhaineann leis an obair.

Leanfaimid lenár mbéim faoi leith ar rioscaí sláinte agus sábháilteachta sna hearnálacha ardriosca talmhaíocht, foirgníocht, iompar agus lóistíocht, sláinte agus cúram sóisialach, agus táirgeadh agus stóráil ceimiceán. Anuas air sin, tabharfaimid faoi chur chuige spriocdhírthe agus rioscabhunaithe i leith cigireachtaí sna hearnálacha Fónais, Dramhaíl agus Innealtóireacht.

Leagfar béim níos mó ar ghuaiseacha agus rioscaí síceasóisialta le feachtais spriocdhírthe sna príomhearnálacha. Áireofar freisin lenár gclár cigireachta cigireachtaí sláinte agus sláinteachais rioscabhunaithe ag díriú ar ghuaiseacha agus rioscaí sláinte sonracha.

Feidhmeanna an Údaráis Náisiúnta Inniúil agus Ainmnithe

Beidh béim mhór fós in 2024 ar cheimiceáin agus an tÚdarás ag leanúint lena rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí chun uailmhianta na Straitéise Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht ón Aontas Eorpach a chur i bhfeidhm; go háirithe an t-athbhreithniú ar Rialachán REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin) agus forbairt Rialachán AE nua trasnaí le haghaidh measúnú níos éifeachtúla ar shubstaintí ceimiceacha faoin Rialachán AE nua a bheartaítear, “Substaint Amháin – Measúnú Amháin”.

Meastar go dtiocfaidh athrú ó bhonn ar an gcaoi a rialáiltear ceimiceáin agus a ndéantar bainistíocht riosca orthu leis na Rialacháin AE nua a bheartaítear.

Leanfaidh an tÚdarás ag comhlíonadh a róil mar údarás inniúil don reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair ar REACH, COMAH, CLP, Glantach, Onnmhairiú/ Allmhairiú, Faireachas Margaidh, Substaintí Dainséaracha agus iompar earraí contúirteacha de bhóthar (ADR). Go sonrath, leanfaidh an tÚdarás lena rannpháirtíocht ghníomhach i bplé na Náisiún Aontaithe ar ADR de réir mar is gá, tosófar an mheastóireacht ar shubstaint cheimiceach amháin thar ceann na hÉireann faoi phróiseas meastóireachta substainte REACH, agus déanfar comhad IE eile a ullmhú agus a chur faoi bhráid ECHA chun aicmiú substainte ceimicí a chomhchuíbhíú. Leanfaimid ag cur tacaíocht ar fáil do pháirtithe leasmhara agus úsáid shábháilte agus inbhuanaithe ceimiceán a chur chun cinn trínár nDeasc Chabhrach Ceimiceán náisiúnta agus gníomhaíochtaí feasachta le páirtithe leasmhara.

Cé go mbeidh an t-athbhreithniú ar Rialachán REACH ar an ngníomhaíocht is suntasaí in 2024, leanfaimid ag glacadh páirt ghníomhach i gcoistí agus meithleacha an Choimisiúin Eorpaigh agus na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA). Leanfaidh ár gcomhaltaí ar choistí ECHA le tréimhse a chaitheamh mar rapóirtéirí chun tuairimí eolaíochta a fhorbairt. Leanfaimid ag glacadh páirt i ngrúpaí saineolaithe ábhartha an Aontais Eorpaigh freisin.

Ar an leibhéal náisiúnta, mar thoradh ar chúinsí geilleagracha agus athraithe aeráide, cuirfimid comhairle faoi phleanáil theicniúil úsáide talún a bhaineann le COMAH ar fáil nuair a iarrtar sin, agus tabharfaimid tús áite do chigireachtaí ar láithreáin táirgthe agus stórála ceimiceán chun an fás leanúnach sna réimsí sin a léiriú, chomh maith le cigireachtaí ar bhunaíochtaí nua COMAH.

Faireachas Margaidh

Leanfaimid ag cur chun cinn agus ag forbairt feasachta i measc tomhaltóirí agus oibríthe ar an tábhacht a bhaineann le táirgí a cheannach agus a úsáid go sábháilte. I bhfianaise an leibhéil athraithe i dtírdhreach leathan an Aontais Eorpaigh, tabharfar tús áite do rannpháirtíocht le Coimisiún an Aontais Eorpaigh, Gníomhaireachtaí an Aontais agus Údarás Inniúla eile i dteannta comhairle theicniúil, údaruithe agus measúnuithe faireachais margaidh a chur ar fáil.

Measúnóimid comhlíontacht táirgí laistigh dár sainchúram trí chigireachtaí faireachais réamhghníomhacha agus frithghníomhacha ar tháirgí a iompórtáiltear, a dhíoltar ar líne agus a dháiltear ar mhargadh na hÉireann. Mar chuid dár rannpháirtíocht i dtionscadail forfheidhmithe chomhchuíbhithe an Aontais Eorpaigh, leanfaimid ag glacadh páirt i bhfeachtais an Aontais maidir le sábháilteacht, ardaítheoirí siosúrtha agus aispeist i bpillíní coscáin in 2024.

Leanfaimid ag tacú le gnóthaí a iompórtáilann táirgí, agus ag cur comhairle orthu, agus iad ag obair chun ceanglais rialála agus caighdeán táirgí an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, go háirithe iad siúd a iompórtáilann táirgí as an mBreatain Mhór sa chás go bhfuil fianaise ar dhifríocht níos mó le ceanglais an Aontais ag teacht chun cinn.

Tacaíocht don Aire agus don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Tacóimid leis an Aire agus an Roinn le trasú agus cur i bhfeidhm an leasaithe ar an Treoir maidir le Carcanaigíní. Leanfaimid freisin ag cur le nuashonruithe reachtacha agus beartais i dtaobh na srianta aispeiste agus nuashonróimid an Cód Cleachtais maidir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) (2001–2021) chun teorainneacha nochta ceirde atá ag athrú do cheimiceáin áirithe a léiriú.

Leanfaimid ag déanamh ionadaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann ar Mheithleacha an Choimisiúin chun Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le hIonaid Oibre agus Trealamh Scáileán Taispeána a nuashonrú chun timpeallachtaí oibre agus cleachtais oibre níos cothroime le dáta a léiriú.

I bhfianaise leibhéil an athraithe reachtaigh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh le haghaidh na Straitéise Ceimiceán ón Aontas Eorpach in 2024, beidh sé ina thosaíocht tacú leis an Aire agus an Roinn in idirbheartaíocht Eorpach le haghaidh reachtaíocht nua agus an athbhreithnithe nua ar Rialacháin an Aontais maidir le ceimiceáin atá i bhfeidhm faoi láthair [CLP, REACH, Glantach, agus Rotterdam (onmhairithe/allmhairithe ceimiceán)].

Cur Chun Cinn

Cuirfimid tacaíocht, oideachas agus níos mó feasachta ar fáil chun teagmhais, gortuithe agus drochshláinte a chosc.

Tacaíocht Fiontraíochta agus Fostaithe

Leanfaimid ag cur oideachas, feasacht mhéadaithe, tacaíocht agus comhairle ar fáil d'fhostóirí agus d'oibríthe trínár nAonad Teagmhála, ár suíomh gréasáin, ár bhfoilseacháin agus ár ríomh-uirlisí (hsaLearning, BeSMART, FarmSafely agus Work Positive^{cl}) chun a chur ar a gcumas a n-oibleagáidí sábháilteachta agus sláinte ceirde a chomhlíonadh.

Cuirfidh ár n-acmhainní riachtanais shonracha na ndaoine is mó a bhíonn i mbaol san áireamh, ar nós oibríthe leochaileacha agus oibríthe imirceacha agus oibríthe sa gheilleagar poistíneachta, ag cinntiú go bhfuil an treoir, an chomhairle agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil dóibh siúd agus dá gcomhlachtaí ionadaíochta soiléir agus éasca le teacht orthu.

Forbróimid measúnuithe riosca agus cúrsaí feasachta ar líne ina bhfuil eolas atá soiléir agus inrochtana a sholáthar faoi shábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre.

Trínár gcláir cigireachta agus rannpháirtíochta, leanfaimid ag cur ról na nIonadaithe Sábháilteachta chun cinn chun a chinntiú go dtuigeann fostóirí agus fostaithe luach an ról sin.

Méadóimid ár mbéim ar threoir sláinte ceirde agus go háirithe ar fhaireachas sláinte, grúpaí leochaileacha i mbaol, garchabhair, filleadh ar an obair i ndiaidh tinneas fadtéarmach chomh maith le deochanna meisciúla ag an obair. Forbróimid tacaíochtaí agus acmhainní sonracha síceasóisialta le haghaidh FBManna, oibríthe leochaileacha agus iad siúd atá páirteach sa gheilleagar poistíneachta. Forbróimid acmhainní le haghaidh cúinsí daonna agus eagraíochta chun tuiscint níos fearr ar ghuaiseacha agus rioscaí san ionad oibre a chur chun cinn. Leanfaimid ag cur chun cinn na n-acmhainní atá ar fáil cheana féin faoi oibriú le hinneachar leochaileach agus WorkPositive^{cl}.

Oibrithe agus Obair sa Todhchaí

Cuirfimid eolas agus treoir ar fáil faoi shláinte agus sábháilteacht cheirde a chuireann obair, oibrithe agus ionaid oibre na hÉireann atá ag athrú san áireamh. Forbróimid tacaíochtaí agus acmhainní ar nádúr athraitheach na hoibre, ina measc digitiú agus obair dhigiteach agus a tionchar ar mheabhairshláinte an oibrí.

Trí ailíniú le tosaíochtaí EU-OSHA, díreoidimid ar thionchar na hinbhuanaitheachta timpeallachta, déimeagrafaic athraitheach an lucht saothair agus an ionaid oibre, agus glacadh méadaithe na digiteála agus IS ag an obair. Éireoidh sé sin níos tábhachtaí de réir mar a mhéadaíonn líon na ndaoine a bhíonn ag obair i dteannta róbat agus meaisíní cliste.

Tionchar

Tabharfaimid faoi chomhpháirtíochtaí agus comhoibriú chun ár sainorduithe a chur i gcrích agus ár bhfís a bhaint amach.

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Leanfaimid lenár gcuid oibre chun an Plean Gníomhaíochta um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta agus an Plean Gníomhaíochta um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta a chur i bhfeidhm trínár dtacaíocht do Choistí Comhairleacha an Bhoird. Táimid ag súil le plé leis na príomhpháirtithe leasmhara atá páirteach sa Choiste Comhairleach nuabhunaithe um Shláinte agus Cúram Sóisialach a thacóidh le Bord an Údaráis chun dea-chleachtas sa tsláinte agus sábháilteacht cheirde a chur chun cinn san earnáil sin.

Leanfar le forbairt caidreamh feabhsaithe le páirtithe leasmhara i réimsí sonracha ar nós sábháilteacht cairéal, miondíola, lóistíochta agus calafort. Beidh gá le caidrimh a fhorbairt le páirtithe leasmhara nua freisin mar gheall ar an bhfás ar réimse an fhuinnimh ghlais agus déanfar dul chun cinn air sin in 2024.

Rannpháirtíocht Straitéiseach

Beidh ullmhú an Ráitis Straitéise le haghaidh na tréimhse ó 2025 go 2027 ina príomhthionscadal in 2024. Stiúrfaidh Bord an Údaráis próiseas ina mbeidh anailís dhomhain agus comhairliúchán fairsing leis an bhfoireann

agus leis na príomhpháirtithe leasmhara. Is é an aidhm a bheidh leis sraith athnuaite de spriocanna agus tosaíochtaí straitéiseacha a fhorbairt chun sainordú an Údaráis amach anseo a chomhlíonadh. Cuirfear an déacht-Straitéis faoi bhráid an Aire faoin 31 Deireadh Fómhair 2024.

Ionchur le Beartas an Aontais Eorpaigh

Déanfaimid ár ndícheall go rannchuidíonn an tÚdarás go héifeachtach le coistí agus meithleacha an Aontais Eorpaigh atá ag forbairt beartas agus treorach maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, ceimiceán, faireachas margaidh agus creidiúnú. Leanfaimid, nuair is cuí, ag glacadh róil stiúrtha ar choistí agus meithleacha sonracha de réir ár leasanna náisiúnta agus straitéiseacha.

Tabharfaidh an tÚdarás tacaíocht don Aire agus don Roinn maidir le beartais agus tograí reachtaíochta a fhorbairt a bhaineann le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, ceimiceán agus faireachas margaidh ar tháirgí go náisiúnta, agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Creidiúnú

Cuirfimid an Straitéis Creidiúnaithe i gcrích.

Díreoidimid ar dtús in 2024 ar an gclár creidiúnaithe reatha a chothú do na cliant atá againn faoi láthair agus do chliant iarratasóra. Cuirfimid feacht ghinearálta ar thairbhí an chreidiúnaithe chun cinn go réamhghníomhach. Chomh maith leis sin, leanfaimid le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara Rialtais agus náisiúnta chun úsáid an chreidiúnaithe i soláthar seirbhísí poiblí agus forbairt beartas náisiúnta a chur chun cinn.

Go himheánach, díreofar ar phróisis éifeachtúla agus an meascán acmhainní is gá a chinntiú do Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) chun bheith mar bhonn faoina chlár reatha creidiúnaithe agus é a chur i gcrích go héifeachtach agus ag an am céanna glacadh a fhás sa todhchaí mar chuid den straitéis creidiúnaithe.

An Chaoi a n-oibrímid

Feabhsóimid agus athróimid ó bhonn go leanúnach an chaoi a n-oibrímid trí dhaoine, próisis, teicneolaíocht agus nuálaíocht.

Claochlú Leanúnach

Leantar lenár n-aistear claochlaithe, agus leanaimid lenár bhfoirne agus ár saineolas a fhás agus bealaí comhtháite oibre a leabú tuilleadh; dul chun cinn a dhéanamh ar réitigh teicneolaíochta; ár gcumas anailíse sonraí a thógáil; agus comhoibriú laistigh den Údarás agus lenár bpáirtithe leasmhara iomadúla chun ár sainordú ilghnéitheach a bhaint amach.

D'fhorbair an tÚdarás Straitéis Daoine, Straitéis Cumarsáide agus Straitéis Sonraí le deireanaí. Díreoidimid ar na straitéisí idirghaolmhara sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach, trí acmhainní cuí a shannadh agus trí urraíocht feidhmeannach sinsearach chun a chinntiú go mbaintear amach uailmhian raon iomlán ár gclár oibre claochlaithe.

Déanfaimid cumas a threisiú agus a fhorbairt tuilleadh trí fheachtais earcaíochta dhírithe agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí. Chun ár gclár leanúnach d'fhorbairt eagraíochta a stiúradh chomh maith agus is féidir linn, díreofar tionscnaimh shonracha inmheánacha ar chultúr agus ceannaireacht; forbairt agus fíorú gairme; rannpháirteachas agus aitheantas; agus folláine agus uileghabhálacht.

Ag tógáil ar an bhforbairt le deireanaí ar ardán bainistíochta cásanna nua ó cheann go ceann, tacóimid le húsáid an réitigh sin ar fud na réimsí feidhmeanna uile agus tús a chur le planáil le leas a bhaint as feidhmíocht bhreise ar nós uathoibriú, sceidealú, mapála agus próifíliú riosca.

Trínár straitéis a bhaint amach, agus forghníomhú ár sainorduithe, cinnteoidimid béim chúí ar bhainistíocht riosca agus cothú creata rialachais chorparáidigh láidir.



Déanfaimid cumas a threisiú agus a fhorbairt tuilleadh trí fheachtais earcaíochta dhírithe agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí

Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde

Creidiúnú

Cur Chun Cinn

Tionchar

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- imscrúdú ar gach timpiste mharfach a thuiriscítear don Údarás,
- timpistí tromchúiseacha san ionad oibre a mheasúnú agus freagairt dóibh, ag úsáid cur chuige rioscabhunaithe,
- aimhleastóirí a thabhairt chun cuntais i gcomhar le hoifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí,
- 10,000 cigireacht réamhghníomhach a chur i gcrích trí fheachtais shonracha agus cigireachtaí spriocdhírthe sna hearnálacha geilleagracha ar fad, ach ag díriú ar na réimsí is airde rioscaí. Beidh béim faoi leith sa chlár cigireachta in 2024 ar an méid seo a leanas:
 - guaiseacha agus rioscaí síceasóisialta, bulaíocht agus strus san ionad oibre ina measc,
 - oibríthe leochaileacha agus oibríthe sa gheilleagar poistíneachta,
 - foréigean agus forrántacht,
 - oibriú aonair,
 - slándáil ualaí, lódáil/dílódáil, rácáil stórála, trucaílí tionsclaíocha agus trealamh ardaithe,
 - neamhchosaint ar oibreáin bhitheolaíocha,
 - baint agus bainistiú ábhar ina bhfuil aiseist,
 - neamhchosaint ar oibreáin cheimiceacha ar nós substaintí carcanaigineacha, sóghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh,
 - táirgí íocshláinte guaiseacha agus comhdhúile cumhachtacha,
 - measúnuithe riosca maidir le spás comhdhúnta agus oiliúint,
 - neamhchosaint ar thorann agus ar chreathadh,
 - cáilíocht an aeir laistigh,
 - gníomhaíochtaí láimhsithe ualaí de láimh agus láimhseála daoine,
 - tuairisciú ar thimpistí agus teagmhais chontúirteacha,
- tabhairt faoi fheachtais cigireachta shonracha sna hearnálacha a leanas:
 - talmhaíocht,
 - cairéil,
 - láithreáin déantúsaíochta,
 - foirgníocht,
 - dugáí agus calafoirt,
 - saoráidí dramhaíola,
- ról an ionadaí sábháilteachta a chur chun cinn trí rannpháirtíocht le hionadaithe fostaithe agus fostóirí. Comhdháil a óstáil faoi ról na n-ionadaithe sábháilteachta,
- tacaíochtaí agus comhairle a ullmhú sna réimsí seo a leanas:
 - rioscaí sonracha agus bearta rialaithe le haghaidh oibríthe aonair,
 - cúinsí daonna agus eagraíochta i measúnuithe riosca,
 - foréigean agus forrántacht tríú páirtí,
 - úsáid táirgí íocshláinte guaiseacha,
 - úsáid clár faireachais sláinte, garchabhair fostóirí agus fostaithe, grúpaí leochaileacha i mbaol,

- Closmhéadracht agus bainistiú torainn a bhaineann leis an obair,
- Coincreít réamhtheilgthe agus treoir maidir le déantúsaíocht, dearadh agus tógáil shábháilte tithíochta creatadhmaid,
- sábháilteacht agus sláinte cheirde i saoráidí dramhaíola agus saoráidí gaoithe amach ón gcósta,
- nuashonrú ar BeSMART.ie chun treoir nua a chomhlíonadh maidir le sábháilteacht dóiteáin, srianta ceimiceán, agus cáilíocht an aeir laistigh agus forbairt cineálacha nua gnó chun tacú le feirmeoireacht déiríochta agus mairteola,
- tacaíocht theicniúil a thabhairt don Roinn maidir leis na tograí reachtacha seo a leanas:
 - Treoracha maidir le luaidhe/Dé-isicianáit agus leasuithe ar an Treoir Aispeiste ag an Obair,
 - trasú leasuithe ar an Treoir maidir le Carcanaiginí agus Sóghineacha,
 - Cód Cleachtais maidir le Leibhéil Nochta Ceirde chun luachanna teorann nochta nua a léiriú,
 - Rialacháin maidir le cairéil,
 - Rialacháin maidir le foirgníocht,
- gníomhartha a sannadh don Údarás sa Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021–2024 a chur i gcrích, go sonrach maidir le forbairt straitéise idirghabhála comhpháirtí idir an tÚdarás, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Garda Síochána. Tacóimid le forbairt prótacail comhroinnte sonraí chun éascaíocht a dhéanamh do shainaitheant imbhuailtí bóthair a bhaineann leis an obair,
- cúrsaí nua HSAlearning.ie a fhorbairt ina dtugtar aghaidh ar thopaicí ar nós guaiseacha síceasóisialta i gcúram sláinte, tuairiscíú timpistí/teagmhas, neamhchosaint ar dheannach silice, cúinsí daonna agus sábháilteacht agus sláinte cheirde le haghaidh próifíllí difriúla printíseachta,
- comhoibriú le grúpaí páirtithe leasmhara a oibríonn le hoibrithe leochaileacha chun a chinntiú go scaiptear acmhainní agus tacaíochtaí an Údaráis, agus
- páirt a ghlacadh i meithleacha Choiste na gCigirí Sinsearach Saothair (SLIC) de chuid Choimisiún an Aontais Eorpaigh ar oibreáin bhithéolaíochta, ceimiceáin agus tumadóireacht, agus i meithleacha an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ar an nuashonrú ar an Treoir maidir le hIonaid Oibre agus an Treoir maidir le Trealamh Scáileán Taispeána.



06

Ceimiceáin

Creidiúnú

Cur Chun Cinn

Tionchar

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- 620 cigireacht a chur i gcrích, ina ndíreofar ar ghníomhaíochtaí ceimiceán ardriosca, agus béim ar réimsí ina bhfuil féidearthacht níos mó go nochtfar daoine le ceimiceáin, ina measc ceimiceáin phróisis, iompair, déantúsaíochta agus úsáide san ionad oibre,
- tacú leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus le hÉirinn dul chun cinn a dhéanamh ar an Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht ón Aontas Eorpacha in idirbheartaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus iad ag forbairt tograí nua reachtacha le haghaidh na Rialachán Eorpach maidir le REACH, Substaint Amháin – Measúnú Amháin, Glantach agus Onnmhairiú/Allmhairiú,
- tacú le cuspóir an chur chuige ‘Substaint Amháin – Measúnú Amháin’ i leith soláthar measúnuithe sábháilteachta ceimiceán ar fud na reachtaíochta ábhartha ar fad agus plé le páirtithe leasmhara chun iad sin a chur chun cinn,
- eolas a sholáthar agus feasacht a chruthú ar na hathruithe reachtacha nua ar Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú,
- tús a chur le meastóireacht ar shubstaint cheimiceach amháin thar ceann na hÉireann faoi phróiseas meastóireachta substainte REACH,
- togra(í) aicmithe agus lipéadaithe chomhchuihbhithe (CLH) le haghaidh substaintí ceimiceacha a ullmhú agus a chur faoi bhráid ECHA,
- ceithre thuairim eolaíochta a ullmhú mar chuid dár ról mar chomhalta de Choiste ECHA,
- saineolas a sholáthar d'Fhóram ECHA maidir le Forfheidhmiú chun tionscadal forfheidhmithe ar fud an Aontais Eorpaigh a chur i gcrích maidir le comhlíonadh substaintí, meascán agus earraí iompórtáilte,
- comhairle faoi phleanáil úsáide talún a sholáthar d'údaráis pleanála agus an Bord Pleanála maidir le bunaíochtaí guaiseacha mórtionóiscí (COMAH) agus forbairtí in aice láimhe,
- tuilleadh treorach a fhorbairt faoi chomhairle faoi phleanáil theicniúil úsáide talún, stóráil agus iompar le haghaidh na hearnála táirgthe fuinnimh go háirithe,
- measúnú a dhéanamh ar Thuarascálacha Sábháilteachta agus mionathruithe suntasacha le haghaidh láithreáin COMAH,
- tús áite a thabhairt do chigireacht láithreán úsáide ceimiceán ardriosca,
- beart leantach a dhéanamh mar is cuí ar thimpistí tromchúiseacha, gearáin agus tarchuir ECHA a thuairiscítear, agus
- measúnú agus próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar údaruithe, de réir mar is gá, faoi Rialachán ADR.

07

Faireachas Margaidh

Creidiúnú

Cur Chun Cinn

Tionchar

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- measúnú ar 750 táirge ceimiceach agus 325 táirge tionsclaíoch a bheartaítear d'úsáid thionsclaíoch agus tomhaltóra, le haghaidh chomhlíonadh cheanglais an Aontais Eorpaigh,
- seiceáil ar tháirgí neamhchomhlíontacha ábhartha ar mhargadh na hÉireann agus a fógraíodh don Chóras Mear-Rabhaidh Eorpach le haghaidh táirgí contúirteacha nach bia iad (Safety Gate) nó don Chóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS),
- na Ballstáit eile a chur ar an eolas (trí na córais ICSMS agus Safety Gate) faoi tháirgí neamhchomhlíontacha a aimsítear ar mhargadh na hÉireann agus ag a d'fhéadfaí a bheith á dtrádáil ar mhargaí an Aontais Eorpaigh freisin,
- tacaíocht agus comhairle rialála a chur ar ghnóthaí a dhéanann, a iompórtálann nó a dháileann táirgí ceimiceacha agus tionsclaíoch, iad siúd ón mBreatain Mhór ina measc,
- feasacht maidir le húsáid shábháilte ceimiceán agus táirgí tionsclaíoch a chur chun cinn agus a fhorbairt i measc tomhaltóirí,
- comhairle agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a sholáthraíonn táirgí ceimiceacha agus tionsclaíoch don mhargadh faoina ndualgais, agus
- tabhairt faoi na feachtais forfheidhmithe AE agus náisiúnta a leanas ina ndíreofar ar:
 - Gníomhaíocht Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le hardaitheoirí siosúrtha,
 - Gníomhaíocht Chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le sábhá ciorclacha,
 - comhlíontacht earraí ceimiceacha iompórtáilte,
 - tionscadal ProSAFE maidir le haispeist i bpillíní coscáin,
 - substaintí srianta REACH i nglíúnna agus greamacháin,
 - Srian REACH ar Chrómiam VI i dtáirgí stroighne, agus
 - substaintí srianta REACH i ndúigh tatúnna.

Creidiúnú

Cur Chun
Cinn

Tionchar

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- clár creidiúnaithe a chothú do na cliant atá againn faoi láthair agus do chliant iarratasóra,
- iarratais nua ar chreidiúnú ó chliant nua agus ó chliant atá againn cheana féin a phróiseáil,
- glacadh iarratas a spreagadh le haghaidh gníomhaíocht nua creidiúnaithe a thugtar isteach,
- an ionadaíocht ar fad ar choistí creidiúnaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh,
- an fhreagracht reachtúil ar fad mar údarás monatóireachta ar an Dea-Chleachtas Saotharlainne (GLP) a chomhlíonadh, agus
- Bliain 3 den Straitéis Creidiúnaithe a chur i gcrích agus go háirithe:
 - taighde a choimisiúnú chun tairbhí an chreidiúnaithe a anailísiú, a chainníochtú agus a fhíorú,
 - an Plean Cumarsáide a cuireadh i dtoll a chéile in 2023 a chur i bhfeidhm,
 - creidiúnú a chur chun cinn agus branda INAB a thógáil, leanúint le rannpháirtíocht leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara,
 - an plean straitéiseach don lucht saothair a chríochnú chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais acmhainní chun an straitéis creidiúnaithe a chur i bhfeidhm, agus
 - éifeachtúlacht a fheabhsú sa phróiseas creidiúnaithe chun eispéireas an lucht úsáide a fheabhsú agus réitigh éifeachtacha creidiúnaithe a sholáthar.



Cothóimid clár creidiúnaithe do na cliant atá againn faoi láthair agus do chliant iarratasóra

An Chaoi a n-oibrímid

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- na gníomhartha a leagtar amach inár Straitéis Daoine, 2023–2025 ‘Empowering our Future’ a bhaint amach, chun a chinntiú go leanaimid ag mealladh, ag forbairt agus ag coinneáil lucht saothair ardoilte a thuigeann i gcónaí an tionchar cultúrtha a bhíonn ag athruithe claochlaithe anois agus sa todhchaí,
- na gníomhartha ábhartha ar fad a leagtar amach inár Straitéis Bainistíocht Sonraí, 2023–2027 a chur i bhfeidhm,
- feachtas méadaithe feasachta, imeachtaí (ar líne agus go fisiciúil), foilseacháin, agus gníomhaíocht meán/caidrimh phoiblí a chur ar fáil, lena n-áirítear tacú le feachtas cigireachta bheartaithe mar chuid de chur i bhfeidhm ár Straitéise Cumarsáide, 2023–2025,
- cabhrú le daoine a nascadh le cheile agus comhoibriú a chur chun cinn chun tionchar dearfach a imirt ar rannpháirtíocht le comhghleacaithe trí chumarsáid inmheánach éifeachtach. Trínár ndaoine a choinneáil ar an eolas faoinár gcuid oibre ó lá go lá chomh maith le haon hathrú straitéiseach nó oibríochta sa todhchaí, cinnteofar ailíniú inmheánach le spriocanna eagraíochta agus le cumarsáid sheachtrach,
- leanúint lenár n-ardán nua bainistíochta cásanna a fhorbairt tuilleadh chun an leas is fearr is féidir a bhaint as ár gcroíphróisis ghnó, a chruthóidh tairbhí ar nós bealaí oibre níos éifeachtaí, pleanáil oibre níos fearr, taithí custaiméara níos fearr, fáil ar shonraí cruinne, glana agus iomlána, agus léargais níos fearr,
- creat a leabú le haghaidh bainistíocht teagmhas tromchúiseach nó imeachtaí géarchéime, rud a chinnteoidh go bhfuil bealach soiléir ag an Údarás chun leanúnachas gnó a chothú i gcónaí,
- leanúint le tús áite a thabhairt dár gClár Feabhsaithe Slándála Faisnéise, seasamh slándála an Údaráis a mhéadú agus a chinntiú go bhfuil leanúnachas gnó TFC agus pleananna téarnaimh tubaiste láidir, agus
- dea-chleachtas a chur i bhfeidhm chun cáilíocht a chinntiú (ailíniú le ISO 9001:2015), as a dtiocfaidh feabhas ar phróisis agus éifeachtúlacht oibre, comhsheasmhacht cur chuige, cuntasacht agus trédhearcacht mhéadaithe agus feabhsú leanúnach.



Leanfaimid le tús áite a thabhairt dár gClár Feabhsaithe Slándála Faisnéise

10

Feidhmíocht a Thomhas

Déanfar monatóireacht le raon tomhas idir cháilíochtúil agus chainníochtúil ar an dul chun cinn ar an gClár Oibre bliantúil seo, a phléann leis an mbliain deiridh a gcuirfear ár Ráiteas Straitéise le haghaidh 2022–2024 i bhfeidhm.

Inár dTuarascáil Bhliantúil, déanfaimid meastóireacht agus tabharfaimid breithmheas ar chur i bhfeidhm gach bliana dár straitéis, agus díreoimid ní hamháin ar ghníomhaíochtaí a thomhas ach féachfar freisin leis na torthaí straitéiseacha a bhfuil súil leo a thomhas.

Tuairisceoidimid go rialta dár mBord agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an gcaoi a bhfuil na príomhtháscairí feidhmíochta thíos ag tacú lenár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Príomhtháscairí Feidhmíochta	Sprioc 2024
Cigireachtaí réamhghníomhacha (Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde)	10,000
Cigireachtaí réamhghníomhacha (An tAcht Ceimiceán agus Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar)	620
Cigireachtaí fhrithghníomhacha	500
Measúnuithe Faireachais Margaidh (Táirgí Ceimiceacha)	750
Measúnuithe Faireachais Margaidh (Táirgí Tionsclaíocha)	325
Feachtais forfheidhmithe Faireachais Margaidh AE ar glacadh páirt iontu	4
Úsáideoirí nua BeSMART	7,500
Tuairimí eolaíochta ullmhaithe do Choistí ECHA	4
Tograí nua chun aicmiú agus lipéadú substaintí a chomhchuíbhiú	1
Cinntí Creidiúnaithe (nua)	15
Cinntí Creidiúnaithe (athnuaite)	400



CIGIREACHTAÍ 2024:

11,120

Lena n-áirítear:

10,000 cigireacht réamhghníomhach (SSC),

500 cigireacht fhrithghníomhach, agus

620 cigireacht ceimiceán.

Ár bhFís:

Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla



An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Guthán: 0818 289 389

Ríomhphost: contactus@hsa.ie

www.hsa.ie